2025/2595

19.12.2025

TREOIRLÍNE (AE) 2025/2595 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 10 Nollaig 2025

maidir le cur chuige maoirseachta na n-údarás inniúil náisiúnta i leith cumhdach neamhchosaintí neamhthuillmheacha arna sealbhú ag eintitis faoi mhaoirseacht ar lú a suntas *(BCE/2025/40)*

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 ina dtugtar cúraimí sainiúla don Bhanc Ceannais Eorpach i dtaca le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta institiúidí creidmheasa ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(1), agus Airteagal 6(5), pointí (a) agus (c) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an Banc Ceannais Eorpach (BCE) freagrach as feidhmiú éifeachtach comhsheasmhach an tSásra Aonair Maoirseachta (SAM). Déanann sé maoirseacht ar fheidhmiú an chórais agus áirithíonn sé cur i bhfeidhm comhsheasmhach na n-ardchaighdeán maoirseachta agus comhsheasmhacht na dtorthaí maoirseachta sna Ballstáit rannpháirteacha trí chéile. Féadfaidh BCE treoirlínte a eisiúint chuig údaráis inniúla náisiúnta (ÚINanna), agus bíonn cúraimí maoirseachta le comhlíonadh agus cinntí maoirseachta le glacadh ag na ÚINanna i gcomhréir leis na treoirlínte sin.

(2) Áirithíonn BCE cur i bhfeidhm comhsheasmhach na gceanglas stuamachta le haghaidh na n-institiúidí creidmheasa sna Ballstáit rannpháirteacha, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 agus le Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2014/17) ([2]).

(3) Cé gurb iad na ÚINanna atá freagrach go príomha as athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe, na próisis, na sásraí agus na straitéisí arna gcur chun feidhme ag institiúidí creidmheasa a aicmítear mar institiúidí ar lú a suntas chun bainistiú agus cumhdach fónta a gcuid rioscaí a áirithiú – lena n-áirítear a mbeartais soláthair agus láimhseáil sócmhainní i dtéarmaí ceanglas cistí dílse – ba cheart do BCE, ina ról maoirseachta laistigh de SAM, cur i bhfeidhm comhsheasmhach na n-ardchaighdeán maoirseachta a chur chun cinn i gcomhthéacs chur i gcrích na n-athbhreithnithe sin. Sa chomhthéacs sin, de thoradh ardchaighdeáin mhaoirseachta a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis an athbhreithniú maoirseachta ar bhainistiú agus ar chumhdach neamhchosaintí neamhthuillmheacha (NPEnna) le haghaidh eintitis faoi mhaoirseacht ar lú a suntas in SAM trí chéile, rannchuidítear leis na cuspóirí níos leithne atá ann an méid seo a leanas a áirithiú: (a) go ndéantar cur chuige maoirseachta stuamachta atá comhleanúnach éifeachtach a chur chun feidhme maidir leis na hinstitiúidí creidmheasa go léir sna Ballstáit rannpháirteacha; (b) go ndéantar an leabhar rialacha aonair le haghaidh seirbhísí airgeadais a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis na hinstitiúidí creidmheasa go léir sna Ballstáit rannpháirteacha; agus (c) go ndéantar maoirseacht den chaighdeán is airde ar na hinstitiúidí creidmheasa go léir sna Ballstáit rannpháirteacha.

(4) Is tosaíocht thábhachtach laistigh de SAM ó bunaíodh é a áirithiú go bhfuil neamhchosaintí neamhthuillmheacha á mbainistiú agus á gcumhdach go leordhóthanach. Tá BCE tar éis cur chuige maoirseachta a leanúint i leith neamhchosaintí neamhthuillmheacha i gcomhréir leis an gcreat a cheap reachtóir an Aontais, agus na treoirlínte léirmhínitheacha arna nglacadh ag an Údarás Baincéireachta Eorpach á gcur san áireamh. Mar chuid den chur chuige maoirseachta sin, tá BCE tar éis ionchais cumhdaigh maoirseachta a chur in iúl i dtaobh neamhchosaintí neamhthuillmheacha atá i seilbh eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht. Tagraíonn na hionchais sin do neamhchosaintí neamhthuillmheacha i gcás inar tionscnaíodh an neamhchosaint roimh an 26 Aibreán 2019 agus nach bhfuil an neamhchosaint, dá bhrí sin, faoi réir an cheanglais asbhainte faoi Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). I gcás eintitis faoi mhaoirseacht ar lú a suntas, ní raibh cumhdach neamhchosaintí neamhthuillmheacha den sórt sin faoi réir cleachtais mhaoirseachta aonfhoirmeacha ar fud SAM go dtí seo. Go dtí seo bhí cumhdach na neamhchosaintí neamhthuillmheacha faoi réir na gcur chuige arna sainiú ag na ÚINanna dá ngníomhaíochtaí maoirseachta féin faoi seach.

([1]) IO L 287, 29.10.2013, lch. 63, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1024/oj.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear an creat um chomhar laistigh den Sásra Aonair Maoirseachta idir an Banc Ceannais Eorpach agus na húdaráis inniúla náisiúnta agus leis na húdaráis náisiúnta ainmnithe (Creat-Rialachán SAM) (BCE/2014/17) (IO L 141, 14.5.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/468/oj).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj).

(5) Mar a léirítear leis an taithí a fuair BCE i gcomhthéacs an chur chuige maoirseachta a leanadh maidir le heintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht, de thoradh cumhdach leordhóthanach tráthúil na neamhchosaintí neamhthuillmheacha cuirtear chun cinn bainistiú réamhghníomhach na neamhchosaintí sin, laghdú a stoic, agus leibhéil soláthair atá i gcomhréir leis na rioscaí a bhaineann lena mbliain eisiúna agus le héabhlóid suimeanna in-aisghabhála.

(6) Dá bhrí sin, le cur chuige maoirseachta na ÚINanna maidir le cumhdach na neamhchosaintí neamhthuillmheacha atá i seilbh eintitis faoi mhaoirseacht ar lú a suntas, ba cheart go gcumhdófaí athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais soláthair agus láimhseáil sócmhainní i dtéarmaí cheanglais cistí dílse na n-eintiteas sin faoi mhaoirseacht.

(7) Meastar gur uirlis éifeachtach é cur chuige maoirseachta den sórt sin maidir le cumhdach neamhchosaintí neamhthuillmheacha chun dhá phríomhriosca a mhaolú. Is é an chéad riosca díobh sin go bhfuil ar marthain go fóill stoic ábhartha neamhchosaintí neamhthuillmheacha atá sean go leor (dá ngairtear 'neamhchosaintí neamhthuillmheacha oidhreachta' freisin), agus lena ngabhann cumhdach teoranta soláthair; is foinsí marthanacha caillteanas féideartha breise iad sin agus is srian iad ar acmhainneacht na mbanc iasachtú nua a dhéanamh. Is é an dara riosca díobh sin go bhféadfadh neamhréireachtaí a bheith ann i dtaca le láimhseáil stuamachta na neamhchosaintí neamhthuillmheacha sin atá faoi réir an cheanglais asbhainte faoi Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus iad siúd nach bhfuil, i gcás nach bhfuil údar leis na neamhréireachtaí sin de bharr imthosca sonracha.

(8) Tá an dá phríomhriosca sin ábhartha. Go ginearálta, léirigh cóimheasa comhiomlánaithe na neamhchosaintí neamhthuillmheacha i gcás eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht agus i gcás eintitis faoi mhaoirseacht ar lú a suntas treocht leanúnach anuas ó bunaíodh SAM. Bhí an treocht sin níos suntasaí i gcás eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht agus tháinig deireadh léi in 2024. I bhfianaise go bhféadfadh méadú teacht arís ar chóimheas na neamhchosaintí neamhthuillmheacha, meastar, i bhfianaise leibhéil fhoriomlána chaipitil atá sásúil agus toisc go raibh neart ama le déanaí ag eintitis faoi mhaoirseacht ar lú a suntas dul chun cinn a dhéanamh maidir le neamhchosaintí neamhthuillmheacha oidhreachta a laghdú agus a chumhdach ar a dtionscnamh féin, tá cur chuige maoirseachta comhchuibhithe ag na ÚINanna i ndáil le cumhdach neamhchosaintí neamhthuillmheacha atá i seilbh institiúidí ar lú a suntas comhréireach leis an gcuspóir maoirseachta go dtabharfaí aghaidh ar an dá phríomhriosca a bhaineann leis na neamhchosaintí neamhthuillmheacha sin, chun athléimneacht na n-eintiteas faoi mhaoirseacht ar lú a suntas a neartú i leith forbairtí díobhálacha féideartha sa timpeallacht mhaicreacnamaíoch agus i leith meathlú gaolmhar ar an gcáilíocht chreidmheasa.

(9) Chun measúnú a dhéanamh ar chumhdach neamhchosaintí neamhthuillmheacha a thagann faoi raon feidhme na Treoirlíne seo ag eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach céanna, is gá do ÚINanna sonraí mionsonraithe a fháil i ndáil le cumhdach neamhchosaintí den sórt sin. Ní áirítear sonraí den sórt sin faoi láthair san fhaisnéis a cheanglaítear ar institiúidí a thuairisciú faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ón gCoimisiún ([4]) agus dá bhrí sin ba cheart do ÚINanna a cheangal ar eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach céanna iad a thuairisciú le haghaidh gach dáta tagartha ábhartha maidir le tuairisciú,

TAR ÉIS AN TREOIRLÍNE SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

Sonraítear sa Treoirlíne seo an cur chuige maoirseachta a úsáidfidh ÚINanna chun athbhreithniú a dhéanamh ar na beartais soláthair agus ar láimhseáil sócmhainní ó thaobh cheanglais cistí dílse na n-eintiteas faoi mhaoirseacht ar lú a suntas agus atá bunaithe i mBallstát an ÚIN ábhartha.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha na Treoirlíne seo, tá feidhm ag na sainmhínithe atá in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 agus in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 (BCE/2014/17). Tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas freisin:

(1) ciallaíonn 'dáta tagartha le haghaidh tuairisciú' an 31 Nollaig i mbliain féilire ar leith;

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tuairisciú maoirseachta institiúidí agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014 (IO L 97, 19.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/451/oj).

([5]) Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe, agus lena leasaítear Treoir 2009/65/CE, Treoir 2009/138/CE agus Treoir 2011/61/AE agus Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 347, 28.12.2017, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2402/oj).

(2) ciallaíonn 'neamhchosaint neamhthuillmheach a thagann faoi raon feidhme na Treoirlíne seo' neamhchosaint lena gcomhlíontar na coinníollacha le haghaidh díolmhú ó Airteagal 36(1), pointe (m), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 dá bhforáiltear in Airteagal 469a den Rialachán sin;

(3) ciallaíonn 'ráthaíocht theicniúil', maidir le neamhchosaint, ráthaíocht lena ráthaítear cumas an fhéichiúnaí oibleagáidí conarthacha neamheacnamaíocha, amhail soláthar earraí nó oibreacha a dhéanamh i dtreo tríú páirtí, a chomhlíonadh, agus nach bhfuil tréith an ionadaigh creidmheasa le sonrú uirthi.

Airteagal 3

Institiúidí a thagann faoin raon feidhme

1. Cuirfidh na ÚINanna an cur chuige maoirseachta a leagtar amach sa Treoirlíne seo i bhfeidhm maidir le gach eintiteas faoi mhaoirseacht ar lú a shuntas ar an leibhéal comhdhlúthaithe is airde laistigh de na Ballstáit rannpháirteacha.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh ÚIN a chinneadh gan an cur chuige maoirseachta a leagtar amach sa Treoirlíne seo a chur i bhfeidhm maidir le heintiteas faoi mhaoirseacht ar lú a shuntas i leith dáta tagartha ar leith le haghaidh tuairisciú má chomhlíonann an t-eintiteas sin faoi mhaoirseacht ar lú a shuntas ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas ar an leibhéal comhdhlúthaithe is airde:

(a) maidir le hollsuim ghlanluacha iomlán na n-iasachtaí neamhthuillmheacha agus na n-airleacan neamhthuillmheach atá ag an eintiteas ar lú a shuntas, is lú an tsuim sin ná 5 % d'ollsuim ghlanluacha iomlán na n-iasachtaí agus na n-airleacan atá ag an eintiteas faoi mhaoirseacht ar lú a shuntas. Agus an cóimheas aonair a bhfuil measúnú le déanamh air in aghaidh na tairsí 5 % á ríomh, eisiafar ón ainmneoir agus ón uimhreoir araon iasachtaí agus airleacain a aicmítear mar iasachtaí agus airleacain atá á sealbhú lena ndíol, iarmhéideanna airgid i mbainc cheannais agus taiscí prapéilimh;

(b) maidir le suim iomlán na neamhchosaintí neamhthuillmheacha atá ag an eintiteas faoi mhaoirseacht ar lú a shuntas a thagann faoi raon feidhme na Treoirlíne seo mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2), is ionann an tsuim sin agus sciar neamhshuntasach de shuim iomlán na neamhchosaintí neamhthuillmheacha atá ag an eintiteas faoi mhaoirseacht ar lú a shuntas;

(c) tá an t-eintiteas faoi mhaoirseacht ar lú a shuntas faoi réir próiseas leanúnach foirceanta ordúil;

(d) tá an t-eintiteas faoi mhaoirseacht ar lú a shuntas faoi réir cumasc leanúnach le heintiteas eile faoi mhaoirseacht nó tá sé á tháthcheangal ag eintiteas eile faoi mhaoirseacht;

(e) is 'athstruchtúróir speisialaithe fiachais' é an t-eintiteas faoi mhaoirseacht ar lú a shuntas mar a shainmhínítear in Airteagal 36(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(f) tá an t-eintiteas faoi mhaoirseacht ar lú a shuntas faoi réir imthosca sonracha fíorasacha a fhágann, dar leis an ÚIN ábhartha, go bhfuil cur i bhfeidhm na Treoirlíne seo míchuí, agus cuspóirí agus prionsabail Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 á gcur san áireamh agus, go háirithe, an gá atá lena áirithiú go gcuirtear ardchaighdeáin mhaoirseachta i bhfeidhm go comhsheasmhach á chur san áireamh.

3. Tar éis dóibh measúnú a dhéanamh ar mhír 2, pointí (a) go (f), cuirfidh na ÚINanna dá réir sin na heintitis faoi mhaoirseacht ar lú a suntas agus atá bunaithe ina mBallstáit féin faoi seach ar an eolas a bhfuil feidhm maidir leo ag an gcreat a leagtar amach sa Treoirlíne seo, agus ag na ceanglais tuairiscithe ghaolmhara a shainítear in Airteagal 7, i dtaobh dáta tagartha ar leith le haghaidh tuairisciú.

4. Cuirfidh na ÚINanna BCE ar an eolas ar bhonn rialta maidir le cur i bhfeidhm na ndíolúintí arna gcur i bhfeidhm de bhun mhír 2, lena n-áirítear na measúnuithe foluiteacha arna ndéanamh ag na ÚINanna lena mbaineann.

Airteagal 4

Neamhchosaintí a thagann faoin raon feidhme

1. Cuirfidh na ÚINanna an cur chuige maoirseachta a leagtar amach sa Treoirlíne seo i bhfeidhm maidir le neamhchosaintí neamhthuillmheacha a thagann faoi raon feidhme na Treoirlíne seo.

2. Fanfaidh neamhchosaintí foluiteacha a bhaineann le hurrúsuithe traidisiúnta nó sintéiseacha lasmuigh de raon feidhme na Treoirlíne seo má chomhlíontar ceachtar de na coinníollacha seo a leanas maidir leis na neamhchosaintí sin:

(a) tá aistriú riosca suntasach (SRT) bainte amach ag an eintiteas faoi mhaoirseacht ar lú a shuntas i gcomhréir le hAirteagal 244(1), pointe (a) nó le hAirteagal 245(1), pointe (a) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(b) leanann an t-eintiteas faoi mhaoirseacht ar lú a shuntas an cur chuige asbhainte iomláine i gcomhréir le hAirteagal 244(1), pointe (b) nó le hAirteagal 245(1), pointe (b) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

3. Arna iarraidh sin d'eintiteas faoi mhaoirseacht ar lú a shuntas, féadfaidh na ÚINanna a chinneadh gan Airteagal 5 a chur i bhfeidhm maidir le neamhchosaintí aonair nó maidir le punanna neamhchosaintí de dhroim imthosca sonracha arna léiriú le fianaise mhionsonraithe théagartha arna tíolacadh ag an eintiteas faoi mhaoirseacht ar lú a shuntas. Ar bhonn na fianaise sin, déanfaidh na ÚINanna measúnú agus cinneadh ar an iarraidh ón eintitis faoi mhaoirseacht ar lú a shuntas.

4. Chun críche mhír 3, áireofar le himthosca sonracha aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) de thoradh íocaíochtaí rialta leanúnacha príomhshuime agus úis, bunaithe ar shreabhadh airgid an fhéichiúnaí oifigiúil, déanfar aisíocaíocht iomlán;

(b) le cumhdach na neamhchosaintí neamhthuillmheacha, in éineacht le ceanglais chaipitil Cholún 1 maidir le riosca creidmheasa, chumhdófaí breis agus 100 % den neamhchosaint;

(c) baineann an neamhchosaint le ráthaíochtaí teicniúla.

Airteagal 5

Measúnú ar chumhdach na neamhchosaintí neamhthuillmheacha

1. Déanfaidh na ÚINanna measúnú ar chumhdach na neamhchosaintí neamhthuillmheacha a thagann faoi raon feidhme na Treoirlíne seo ag na heintitis faoi mhaoirseacht ar lú a suntas de réir na suime arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 47c(1), pointe (a), arna léamh in éineacht le hAirteagal 47c(2), (3), agus (4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

2. Agus iad ag cinneadh shuimeanna cumhdaigh na n-eintiteas faoi mhaoirseacht ar lú a suntas atá le measúnú in aghaidh na suime a shonraítear i mír 1, cuirfidh na ÚINanna san áireamh na hítimí a liostaítear in Airteagal 47c(1), pointí (b)(i) go (vi), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

Airteagal 6

Úsáid sa phróiseas maoirseachta

1. Bainfidh na ÚINanna úsáid as torthaí a measúnuithe ar chumhdach na neamhchosaintí neamhthuillmheacha a thagann faoi raon feidhme na Treoirlíne seo ag na heintitis faoi mhaoirseacht ar lú a suntas agus déanfaidh siad amhlaidh faoi chuimsiú an phróisis athbhreithnithe agus meastóireachta maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 97 de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]).

2. Más rud é, tar éis aird chuí a thabhairt ar na himthosca sonracha arna gcur i láthair ag eintiteas faoi mhaoirseacht ar lú a suntas, go gcinnfidh ÚIN nach leor cumhdach na neamhchosaintí neamhthuillmheacha a thagann faoi raon feidhme na Treoirlíne seo, breithneoidh sé beart maoirseachta a ghlacadh de réir na reachtaíochta náisiúnta lena dtrasuitear Airteagal 104 de Threoir 2013/36/AE nó cumhachtaí coibhéiseacha maoirseachta atá ar fáil sa reachtaíocht náisiúnta.

Airteagal 7

Ceanglais maidir le tuairisciú

1. Chun an measúnú a thuairiscítear in Airteagal 5 a dhéanamh, ceanglóidh na ÚINanna ar na heintitis faoi mhaoirseacht ar lú a suntas sonraí mionsonraithe a thuairisciú maidir le cumhdach na neamhchosaintí neamhthuillmheacha dá gcuid a thagann faoi raon feidhme na Treoirlíne seo i dtaobh gach dáta tagartha le haghaidh tuairisciú.

2. Déanfaidh BCE na teimpléid a bheidh le húsáid don tuairisciú dá dtagraítear i mír 1 a ullmhú i gcomhar leis na ÚINanna.

3. An fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus a chuireann eintitis faoi mhaoirseacht ar lú a suntas faoi bhráid na ÚINanna, comhroinnfidh na ÚINanna le BCE í lena húsáid faoi chuimsiú a shainordaithe maoirseachta.

([6]) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maidir le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L176, 27.6.2013, lch. 338, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/36/oj).

Airteagal 8

Socruithe idirthréimhseacha

1. Déanfaidh na ÚINanna measúnú ar chumhdach na neamhchosaintí neamhthuillmheacha i gcomhréir le hAirteagal 5 den Treoirlíne seo ó dháta tagartha le haghaidh tuairisciú an 31 Nollaig 2028.

2. De mhaolú air sin, maidir leis na chéad trí dháta tagartha le haghaidh tuairisciú tar éis fógra faoin Treoirlíne seo a thabhairt do na ÚINanna, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) chun measúnú a dhéanamh ar chumhdach na neamhchosaintí neamhthuillmheacha dá dtagraítear in Airteagal 5(1) i gcomhair dháta tagartha le haghaidh tuairisciú an 31 Nollaig 2025

  (i) cuirfear 0,60 in ionad an fhachtóra a shonraítear in Airteagal 47c(2), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

  (ii) cuirfear 0,60 in ionad na bhfachtóirí a shonraítear in Airteagal 47c(3), pointí (d) go (i), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

  (iii) cuirfear 0,60 in ionad an fhachtóra 1 a shonraítear in Airteagal 47c(4), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(b) Chun measúnú a dhéanamh ar chumhdach na neamhchosaintí neamhthuillmheacha dá dtagraítear in Airteagal 5(1) i gcomhair dháta tagartha le haghaidh tuairisciú an 31 Nollaig 2026

  (i) cuirfear 0,70 in ionad an fhachtóra a shonraítear in Airteagal 47c(2), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

  (ii) cuirfear 0,70 in ionad na bhfachtóirí a shonraítear in Airteagal 47c(3), pointí (e) go (i), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

  (iii) cuirfear 0,70 in ionad an fhachtóra 1 a shonraítear in Airteagal 47c(4), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(c) Chun measúnú a dhéanamh ar chumhdach na neamhchosaintí neamhthuillmheacha dá dtagraítear in Airteagal 5(1) i gcomhair dháta tagartha le haghaidh tuairisciú an 31 Nollaig 2027

  (i) cuirfear 0,80 in ionad an fhachtóra a shonraítear in Airteagal 47c(2), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

  (ii) cuirfear 0,80 in ionad na bhfachtóirí a shonraítear in Airteagal 47c(3), pointí (g) go (i), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

  (iii) cuirfear 0,80 in ionad an fhachtóra 1 a shonraítear in Airteagal 47c(4), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

3. De mhaolú ar Airteagal 6 den Treoirlíne seo, don chéad dáta tagartha le haghaidh tuairisciú tar éis fógra faoin Treoirlíne seo a thabhairt do na ÚINanna, féadfaidh ÚIN a chinneadh gan úsáid a bhaint as torthaí an mheasúnaithe ar chumhdach na neamhchosaintí neamhthuillmheacha ag na heintitis faoi mhaoirseacht ar lú a suntas faoi chuimsiú an phróisis athbhreithnithe maoirseachta agus meastóireachta.

Airteagal 9

Gabháil éifeachta

Gabhfaidh éifeacht leis an Treoirlíne seo an lá a dtabharfar fógra faoi do ÚINanna na mBallstát rannpháirteach.

Airteagal 10

Seolaithe

Dírítear an Treoirlíne seo chuig ÚINanna na mBallstát rannpháirteach agus chuig BCE.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 10 Nollaig 2025.

Thar ceann Chomhairle Rialaithe BCE
Uachtarán BCE
Christine LAGARDE